**Cainéal *iTunes U de chuid COGG* le seoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta**

**Dé Luain, 30 Eanáir, 2012:** Seolfaidh Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta Edel Ní Chuireáin áis fhoghlama úrnua atá forbartha ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh do bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, ar an gCéadaoin (2 p.m.) an 1 Feabhra 2012, in Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna. Craolfar an seoladh beo ar an gclár Ardtráthnóna ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Is éard atá sa Chainéal nua *iTunes U - COGG (*An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta) ná cnuasach saibhir d'acmhainní físe agus fuaime a roghnaíodh go cúramach ó Chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ó Chartlanna Ollscoil na hÉireann, Gaillimh féin, mar chuid de thionscadal taighde atá curtha i gcrích ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Áiríonn an Cainéal 300 mír fhoghlama ina bhfuil amhráin a gcasadh, dánta á n-aithris, scéalta spraíúla á n-insint, eolas á roinnt agus míreanna staire á gcur i láthair i gcanúintí éagsúla. Tá na míreanna dírithe ar shealbhú agus ar shaibhriú na Gaeilge i measc daltaí i mbunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, go háirithe daltaí Rang 5 agus 6. In éineacht leis na hacmhainní féin, tá plean foghlama deartha a bheidh mar áis sa seomra ranga ag múinteoirí bunscoile agus iad ag úsáid na míreanna foghlama. Tá acmhainní foghlama atá feiliúnach do spriocghrúpaí eile ar fáil ar an gCainéal freisin.

Deir Príomhfheidhmeannach COGG, Muireann Ní Mhóráin:"Teastaíonn acmhainní digiteacha den chéad scoth sa seomra ranga. Cuirfidh an cainéal nua le stór acmhainní teagaisc mhúinteoirí bunscoile i ranganna 5 agus 6 ach go háirithe. Ba cheart go gcuirfeadh an cainéal go mór le heispéireas na foghlama i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna ar fud na tíre. Agus an cainéal á sheoladh ar Lá Fhéile Bríde, is maith liom go bhfuil an sean agus an nua ag obair as lámha a chéile agus go bhfuil saibhreas na muintire á roinnt an athuair ar shlí atá saoráideach agus snasta."

Thar ceann fhoireann an tionscadail in OÉ Gaillimh deir Riarthóir Ionad an Acadaimh, Carna , Séamas Ó Concheanainn:"Tionscnamh eiseamláireach é seo a dhaingníonn tábhacht an taighde ar an gceathrú leibhéal le freastal ar riachtanais chomhaimseartha múinteoirí bunscoileanna trí acmhainní digiteacha teagaisc den scoth a chur ar fáil don seomra ranga. Cuireadh an togra i gcrích a bhuíochas den saineolas sna daonnachtaí digiteacha atá á saothrú in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge trí chéile ach go háirithe in Ionad na hOllscoile anseo i gCarna. Cothaíonn saothrú an léinn nua-aoisigh agus an chultúir traidisiúnta in éineacht deiseanna ar leith don sealbhú teanga agus tacaíonn an tionscadal taighde seo go láidirmar sin le ceann de phríomhchuspóirí an Ionaid, sé sin an Ghaeilge a bhuanú agus a threisiú sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre."

CRÍOCH

NÓTAÍ don EAGARTHÓIR

I 2009 fuair COGG ceadúnas ó Apple le Cainéal iTunesU a fhorbairt le bainistiú, dáileadh agus stiúradh a dhéanamh ar acmhainní oideachasúla do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge na tíre. Mar thoradh ar phróiseas coimisiúnaithe, rinne COGG maoiniú ar an ardán tacaíochta foghlama don chainéal nua seo ag leibhéal na bunscoile.

Ghnóthaigh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh an coimisiún taighde seo agus is é toradh an tionscadail phíolótaigh seo go ndearnadh forbairt ar acmhainní oideachasúla Gaeilge agus míreanna foghlama teanga agus ábhair do bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Chuaigh an tionscadal i muinín saineolaithe ábhar agus múinteoirí bunscoile a bhfuil tuiscint dhomhain acu ar riachtanais fhoghlama teanga daltaí bunscoile.

Cuireann an plean foghlama a dearadh mar dhlúthchuid den chainéal béim ar fhorbairt scileanna éisteachta agus scileanna labhartha trí ghníomhaíochtaí réamhéisteachta, gníomhaíochtaí le linn éisteachta agus gníomhaíochtaí iar-éisteachta chomh maith le cur síos ar ábhar agus ar shaibhreas na míreanna sa mbailiúchán.

Beidh feachtas poiblíochta á chur ar siúl le go mbeidh múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar fud na tíre ar an eolas faoin acmhainn luachmhar atá forbartha dóibh. Lorgófar aiseolas ó scoileanna sna míonna amach romhainn maidir lena dtuairimí faoin gCainéal agus faoi na míreanna foghlama atá le fáil air.

**Tuilleadh eolais:**

Séamas Ó Concheanainn, Teil. 095 32834

Muireann Ní Mhóráin, Teil. 01 6340831